An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Lúnasa 2020

# Fógra Príobháideachais

Tháinig éifeacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ón 15 Bealtaine 2018. Faoin GDPR tá smacht níos mó ag ábhair sonraí ar a gcuid sonraí pearsanta trí chearta nua agus níos soiléire a leagann amach d'ábhair sonraí a bhfuil a gcuid sonraí á mbailiú agus á bpróiseáil. Cuireann an GDPR oibleagáidí níos mó i bhfeidhm ar eagraíochtaí a rialaíonn agus a phróiseálann sonraí pearsanta. Ag croílár an GDPR tá an ceanglas a chuirtear ar eagraíochtaí a bheith go hiomlán trédhearcach faoi mar a úsáideann agus mar a chosnaíonn siad sonraí pearsanta agus a bheith ábalta cuntasacht a léiriú maidir lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Tá an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tiomanta do chearta agus do phríobháideachas a gcuid ábhar sonraí a chosaint faoi réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 go 2018.

Sainmhínítear sonraí pearsanta sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí mar seo a leanas:

> *"...aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin"*

## Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ceaptha ag an Roinn, a bhfuil mar ról aige monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht, feasacht a ardú maidir le saincheisteanna laistigh den Roinn, agus pointe teagmhála a chur ar fáil don phobal agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an DPO ar ríomhphost ag dataprotectionunit@drcd.gov.ie nó ar an bpost chuig:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Trinity Point
10-11 Sráid Laighean Theas
Baile Átha Cliath 2, D02 EF85

## Prionsabail a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil

Cinnteoidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go bhfuil aon phróiseáil ar shonraí pearsanta ag cloí leis na prionsabail a bhaineann le próiseáil. Déantar foráil faoi Airteagal 5 den GDPR do na prionsabail a leanas maidir le cosaint sonraí a phróiseáil:

1. 'Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht'

Déanfar iad a phróiseáil de réir an dlí, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach i ndáil leis an duine is ábhar do na sonraí.

2. 'Teorannú de réir cuspóra'

Is chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha a bhaileofar sonraí pearsanta agus ní dhéanfar iad a phróiseáil ar shlí atá neamh-chomhoiriúnach leis na críocha sin.

3. 'Íoslaghdú sonraí'

Leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach ó thaobh na gcuspóirí a próiseáladh iad.

4. 'Cruinneas'

Cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad; déanfar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil.

5. 'Teorannú Stórála'

Déanfar iad a choimeád i bhfoirm a cheadaíonn ábhair sonraí a shainaithint go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach.

6. 'Ionracas agus Rúndacht'

Déanfar iad a phróiseáil ar bhealach a chinntíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí nó eagraíochtúla.

7. 'Cuntasacht'

Beidh an rialaitheoir freagrach as, agus beidh ar a chumas comhlíonadh a léiriú le prionsabail eile.

## Sonraí pearsanta arna gcoimeád ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Mar chuid dá cuid gnáthoibríochtaí lae, faigheann agus coimeádann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail sonraí pearsanta chun críche forleithne. Tagann na sonraí pearsanta seo faoi réimse leathan ceannteideal, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- sonraí pearsanta bhaill foirne na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail;
- sonraí pearsanta atá in Uiríll an Aire agus Ceisteanna Parlaiminteacha a faightear ó chomhaltaí an Oireachtais.
- sonraí pearsanta sholáthraithe agus sholáthróirí seirbhíse earraí agus seirbhísí a chuireann tairiscintí ar aghaidh mar chuid den phróiseas tairisceana;
- sonraí pearsanta a bhaineann le comhlachtaí faoi choimirce na Roinne;
- sonraí pearsanta a fhaightear i ndáil le hiarratais ar fhaisnéis faoi Shaoráil Faisnéise, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, agus reachtaíocht cosanta sonraí;
- sonraí pearsanta a choimeádtar i gcomhfhreagras leis an Roinn;
- sonraí pearsanta a bhaineann le dlíthíocht a bhféadfadh an tAire a bheith páirteach iontu;
- Sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratais ar scéimeanna agus ar chláir a chuirtear ar fáil thar ceann na Roinne;
- Sonraí pearsanta a choimeádtar ar liostaí seoltaí nó ciorcláin, baill den phobal nó de na meáin, sonraí a próiseáladh maidir le freastal ar imeachtaí arna reáchtáil ag an Roinn.

## Cearta Ábhair Sonraí

Cuireann an GDPR na cearta cosanta sonraí seo a leanas ar fáil. Seasfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le cearta na n-ábhar sonraí sin.

1. ceart chun faisnéise faoi mar a bpróiseáiltear sonraí;

2. ceart chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí féin;

3. ceart go ndéanfaí ceartúchán;

4. ceart go ndéanfaí léirscriosadh (an 'ceart go ligfí i ndearmad');

5. ceart chun próiseáil a theorannú;

6. ceart chun a chinntiú go dtugtar fógra do thríú páirtithe maidir le ceartú nó scrios a gcuid sonraí pearsanta;

7. ceart chun inaistritheacht sonraí;

8. ceart chun agóide i leith sonraí pearsanta a phróiseáil go ginearálta;

9. ceart chun agóide i leith próiseáil a gcuid sonraí pearsanta chun críocha margaíochta dírí

10. ceart gan bheith faoi réir ag cinnteoireacht uathoibríoch aonair - ceart gan bheith faoi réir ag próifíliú

Is féidir tuilleadh sonraí ar chearta ábhair sonraí a fháil trí chuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí..

## Iarratas Rochtana ar Ábhar

Chun Iarratas Rochtana ar Ábhar a chur ar aghaidh chuig an Roinn téigh chuig an nasc seo - https://www.gov.ie/en/organisation-information/0d4338-data-protection/

Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe, chomh maith le  haitheantas ar a bhfuil grianghraf (pas/ceadúnas tiomána), a sheoladh ar ais chuig an seoladh thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Trinity Point
10-11 Sráid Laighean Theas
Baile Átha Cliath 2, D02 EF85

Ríomhphost: dataprotectionunit@drcd.gov.ie

## Úsáid 'Fianán'

Tá ábhar gréasáin na Roinne ar fáil ar láithreán gréasáin Rialtas na hÉireann Gov.ie. Is féidir sonraí maidir le polasaí príobháideachais Gov.ie a fháil anseo.

## Cé leis a roinneann an Roinn sonraí pearsanta?

I gcásanna áirithe, nuair atá bunús dlí ann sin a dhéanamh, roinntear sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an Roinn le Ranna/Gníomhaireachtaí eile Rialtais chun go mbeidh an Roinn ábalta a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. I gcásanna dá leithéid déantar an nochtadh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcuspóir a cuireadh an fhaisnéis ar fáil sa chéad ásc.

## Sonraí a aistriú chuig tríú tíortha

Sa chás go gcaithfeadh an Roinn sonraí a aistriú chuig tríú tír lasmuigh den AE/LEE nach bhfuil cinneadh leordhóthanach i bhfeidhm inti, cinnteoimid go bhfuil na cosaintí cuí i bhfeidhm agus aistriú dá leithéid á thabhairt faoi.

## Ceart chun gearán a dhéanamh

Faoi Airteagal 77 den GDPR, tá se de cheart agat gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí má mheasann tú go bhfuil an próiseáil ar do chuid sonraí pearsanta ag dul in aghaidh an GDPR.

Faoi Airteagal 78, tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil sa chás nach ndéanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí do ghearán a láimhseáil, nó nach gcuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí tú ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le do ghearán nó maidir leis an toradh ar do ghearán laistigh de thrí mhí.

Faoi Airteagal 80, is féidir leat tríú páirtithe áirithe a údarú chun gearán a dhéanamh thar do cheann.